2026/1896

30.7.2026

CINNEADH (CBES) 2026/1896 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999 ([1]).

(2) An 8 Nollaig 2020, sa Dearbhú ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh i ndáil le cearta an duine, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit gurb é a dtiomantas láidir cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint ar fud an domhain. Le córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, leagtar béim ar a mheáite atá an tAontas feabhas a chur ar a ról maidir le haghaidh a thabhairt ar sháruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine ar fud an domhain. Is sprioc straitéiseach a shaothraíonn an tAontas go mbeadh an uile dhuine in ann cearta an duine a theachtadh go héifeachtach. Is bunluach de chuid an Aontais agus de chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais é meas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine.

(3) Tá sé curtha in iúl go leanúnach ag an Aontas gur cúis mhór imní dó leathadh na lárionad sceamála san Áise Thoir Theas, atá á n-oibriú ag líonraí coiriúla eagraithe trasnáisiúnta agus a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine, coiriúlacht éigeantais, coinneáil threallach, céasadh agus sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha eile i réimse chearta an duine. Leag an tAontas béim ar an ngá atá le deireadh a chur leis na líonraí coiriúla sin, íospartaigh a chosaint agus cuntasacht a áirithiú dóibh siúd atá freagrach. Tá bearta sriantacha forchurtha ag an Aontas cheana orthu siúd atá freagrach as oibríochtaí camscéime a chuireann síocháin, slándáil agus cobhsaíocht Mhaenmar/Bhurma agus an réigiúin i mbaol.

(4) Sa chomhthéacs sin, ba cheart seachtar agus trí eintiteas a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine (IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1999/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Iúil 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal ‘A. Daoine nádúrtha’:

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘147.	Chen ZHI ar a dtugtar freisin Neak Oknha Chen Zhi	陈志 (Sínis) チェン・ジー (Seapáinis) ᨪᨶ ᨕᩥ (Ciméiris)	Post/postanna: Cathaoirleach ar Prince Holding Group Náisiúntacht: Síneach, Cambódach Dáta breithe: 16.12.1987 Áit bhreithe: an tSín Inscne: fireann	Tá Chen Zhi ina Chathaoirleach ar Prince Holding Group. Is ilchuideachta ilbhilliún dollar é Prince Holding Group atá lonnaithe sa Chambóid agus a thógann lárionaid sceamála sa Chambóid agus i Maenmar/Burma trí chuideachtaí caocha éagsúla. Tá Chen Zhi páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Thóg agus d’oibrigh Prince Holding Group deich lárionad sceamála ar a laghad ar fud na Cambóide a dhéanann camscéimeanna infheistíochta criptea-airgeadra agus scéimeanna calaoiseacha eile. Áirítear leis na lárionaid sceamála sin Jinbei sa Chambóid, Golden Fortune Science Case and Technology Park (ar a dtugtar freisin lárionad Jinyun); agus Mango Park (ar a dtugtar freisin Jinhong Park). Sna lárionaid sceamála sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach ó thíortha éagsúla nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Ina theannta sin, tuairiscíonn íospartaigh atá ag obair sna lárionaid sceamála go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh, fuadach, agus coinneáil neamhdhleathach sna lárionaid sin. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde ar íospartaigh a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Bhain comhlaigh Prince Holding Group, faoi threoir Chen Zhi, úsáid go minic as foréigean agus comhéigean chun torthaí gnó a bhaint amach agus chun a scéimeanna coiriúla a chur chun cinn. Ina theannta sin, bhí íomhánna i seilbh Chen Zhi d’íospartaigh ar éirigh gortuithe dóibh de dheasca mhodhanna foréigneacha Prince Holding Group. Cé gur gabhadh Chen Zhi i mí Eanáir 2026, creidtear go bhfuil lárionaid sceamála a bhaineann leis ag feidhmiú i gcónaí. Dá bhrí sin, tá Chen Zhi freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Chen Zhi páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
148.	Zhu ZHONGBAIO ar a dtugtar freisin Zhu Jack	朱中彪 (Sínis) ジュ・チュオンビャオ (Seapáinis) ស្វាយ ជុងទិញ្ជោ (Ciméiris)	Feidhm: Cathaoirleach ar Jin Bei Group Co Ltd. Náisiúntacht: Síneach, Cambódach Dáta breithe: 23.12.1981 Inscne: fireann Seoladh: Village 4, Sangkat 4, Preah Sihanouk City, an Chambóid	Tá Zhu Zhongbiao ina chathaoirleach ar Jin Bei Group. Is ilchuideachta é Jin Bei Group a thógann casaíní agus lárionaid sceamála sa Chambóid. Tá Zhu Zhongbiao páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine sa Chambóid mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Tá líonra casaíní agus cuideachtaí gaolmhara ag líonra Jin Bei Group in Sihanoukville sa Chambóid, lena n-áirítear Jin Bei 4, ar lárionad sceamála é a dhéanann camscéimeanna infheistíochta criptea-airgeadra agus scéimeanna calaoiseacha eile. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach ó thíortha éagsúla nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Ina theannta sin, tuairiscíonn íospartaigh atá ag obair sna lárionaid sceamála go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh, fuadach, agus coinneáil neamhdhleathach sna lárionaid sin. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde ar íospartaigh a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Ina theannta sin, tá baint ag Jin Bei Group agus a eintitis chomhlachaithe le Prince Holding Group, ar ilchuideachta ilbhilliún dollar é atá lonnaithe sa Chambóid agus a thógann lárionaid sceamála sa Chambóid agus i Maenmar/Burma trí chuideachtaí caocha éagsúla. Dá bhrí sin, tá Zhu Zhongbaio freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach.	30.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1896/oj

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
149.	Saw San AUNG	索桑昂 (Sínis) ソー・サン・アウン (Seapáinis) စောစံအောင် (Burmais/Maenmar)	Post/postanna: Ceann Foirne Democratic Karen Benevolent Army Náisiúntacht: as Maenmar/Burma Dáta breithe: 28.7.1968 Inscne: fireann	Tá Saw San Aung ar cheannairí Democratic Karen Benevolent Army (DKBA), ar grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Burma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Tá DKBA páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Cheadaigh DKBA do lárionaid oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Léirítear i dtuarascálacha ó íospartaigh go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh freisin go nglacann saighdiúirí DKBA páirt i bhforéigean in aghaidh daoine a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear daoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde orthu siúd a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tacaíonn DKBA le lárionaid chibirsceamála agus cosnaíonn sé iad, soláthraíonn sé slándáil do lárionaid amhail an lárionad Tai Chang, cumasaíonn sé a n-oibriú leanúnach, agus baineann sé tairbhe ghníomhach as an ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, tá Saw San Aung freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Saw San Aung páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
150.	Sai Kyaw HLA ar a dtugtar freisin Ko Sai	賽因乔拉 (Sínis) サイン・チョー・ラ (Seapáinis) စိုင်းကျော်ဋ္ဌ (Burmais/Maenmar)	Post/postanna: Maorghinearál agus Cathaoirleach ar Choiste Eacnamaíoch Lárnach Democratic Karen Benevolent Army Náisiúntacht: as Maenmar/Burma Dáta breithe: 6.9.1971 Áit bhreithe: Maenmar/Burma Inscne: fireann	Is Maorghinearál é Sai Kyaw Hla agus is Cathaoirleach é ar Choiste Eacnamaíoch Lárnach Democratic Karen Benevolent Army (DKBA), ar grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Bhurma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Tá DKBA páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Cheadaigh DKBA do lárionaid oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Léirítear i dtuarascálacha ó íospartaigh go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh freisin go nglacann saighdiúirí DKBA páirt i bhforéigean in aghaidh daoine a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear daoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde orthu siúd a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tacaíonn DKBA le lárionaid chibirsceamála agus cosnaíonn sé iad, soláthraíonn sé slándáil do lárionaid amhail an lárionad Tai Chang, cumasaíonn sé a n-oibriú leanúnach, agus baineann sé tairbhe ghníomhach as an ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, tá Sai Kyaw Hla freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Sai Kyaw Hla páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
151.	Saw STEEL	索斯蒂 (Sínis) ソー・スティー (Seapáinis) ဆော်စတီး (Burmais/Maenmar)	Post/postanna: Pátrún Chomhairle Chomhairleach Lárnach Democratic Karen Benevolent Army; iar-Ardcheannasaí ar Democratic Karen Benevolent Army Náisiúntacht: as Maenmar/Burma Dáta breithe: 27.3.1961 Inscne: fireann	Is é Saw Steel patrún Chomhairle Chomhairleach Lárnach Democratic Karen Benevolent Army (DKBA) agus iar-Ardcheannasaí ar DKBA, ar grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Bhurma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Tá DKBA páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Cheadaigh DKBA do lárionaid sceamála oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sceamála sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Léirítear i dtuarascálacha ó íospartaigh go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh freisin go nglacann saighdiúirí DKBA páirt i bhforéigean in aghaidh daoine a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear daoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde orthu siúd a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tacaíonn DKBA le lárionaid chibirsceamála agus cosnaíonn sé iad, soláthraíonn sé slándáil do lárionaid amhail an lárionad Tai Chang, cumasaíonn sé a n-oibriú leanúnach, agus baineann sé tairbhe ghníomhach as an ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, tá Saw Steel freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Saw Steel páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
152.	Saw Sein WIN	盛温 (Sínis) セイン・ウィン (Seapáinis) စိန်ဝင်း (Burmais/Maenmar)	Post/postanna: Ard-Aidiúnach ar Democratic Karen Benevolent Army Náisiúntacht: as Maenmar/Burma Dáta breithe: 1956 Inscne: fireann	Is Ard-Aidiúnach é Saw Sein Win ar Democratic Karen Benevolent Army (DKBA), ar grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Bhurma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Tá DKBA páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Cheadaigh DKBA do lárionaid sceamála oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Léirítear i dtuarascálacha ó íospartaigh go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh freisin go nglacann saighdiúirí DKBA páirt i bhforéigean in aghaidh daoine a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear daoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde orthu siúd a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tacaíonn DKBA le lárionaid chibirsceamála agus cosnaíonn sé iad, soláthraíonn sé slándáil do lárionaid amhail an lárionad Tai Chang, cumasaíonn sé a n-oibriú leanúnach, agus baineann sé tairbhe ghníomhach as an ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, tá Saw Sein Win freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Saw Sein Win páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1896/oj

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
153.	Saw Eh Le HTOO	索依李图 (Sínis) ソー・イリトゥー (Seapáinis) စောအိလီထူး (Burmais/Maenmar)	Post/postanna: Coirnéal in Democratic Karen Benevolent Army agus oibreoir an lárionad sceamála Deeko Park. Náisiúntacht: as Maenmar/Burma Inscne: fireann	Is Coirnéal é Saw Eh Le Htoo in Democratic Karen Benevolent Army (DKBA), ar grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Bhurma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Tá DKBA páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Ina theannta sin, tuairiscítear go bhfuil an lárionad sceamála Deeko Park á oibriú ag Saw Eh Le Htoo. Cheadaigh DKBA do lárionaid sceamála oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Léirítear i dtuarascálacha ó íospartaigh go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh freisin go nglacann saighdiúirí DKBA páirt i bhforéigean in aghaidh daoine a ndearnadh gáinneáil orthu, lena n-áirítear daoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde orthu siúd a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tacaíonn DKBA le lárionaid chibirsceamála agus cosnaíonn sé iad, soláthraíonn sé slándáil do lárionaid amhail an lárionad Tai Chang agus lárionad Deeko Park, cumasaíonn sé a n-oibriú leanúnach, agus baineann sé tairbhe ghníomhach as an ioncam a ghintear leis na gníomhaíochtaí coiriúla sin. Dá bhrí sin, tá Saw Eh Le Htoo freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Saw Eh Le Htoo páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026’;

(2) cuirtear an iontráil seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí faoin gceannteideal ‘B Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí’:

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
‘43.	Democratic Karen Benevolent Army		Seoladh: Maenmar/Burma, go príomha i Stát Kayin (Karen) agus feadh na teorann idir an Téalainn agus Maenmar/Burma Cineál eintitis: Mílíste eitneach armtha; foghrúpa go stairiúil de Karen National Union (KNU) Príomháit ghnó: Stát Kayin (Karen), Maenmar/Burma	Is grúpa armtha de chuid Mhaenmar/Bhurma é Democratic Karen Benevolent Army (DKBA) a rialaíonn críoch i Stát Karen Mhaenmar/Bhurma, timpeall ar Myawaddy ar an teorainn idir Maenmar/Burma agus an Téalainn. Déanann DKBA sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma, agus bíonn sé páirteach sna sáruithe sin, mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Cheadaigh DKBA do na lárionaid sceamála sin oibriú faoina chosaint agus chuir sé ar chumas líonraí coiriúla feidhmiú laistigh de limistéir atá faoina rialú. Sna lárionaid sceamála sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Ina theannta sin, tuairiscíonn na híospartaigh sin atá ag obair sna lárionaid sceamála go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh agus íde mhídhaonna sna lárionaid sin. Tuairiscíodh go mbíonn saighdiúirí de chuid DKBA páirteach i bhforéigean in aghaidh íospartaigh na gáinneála ar dhaoine atá sáinnithe sna lárionaid, mar shampla trí dhaoine a ndearnadh gáinneáil orthu ar a bhfuil glais lámh a bhualadh. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde ar íospartaigh a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Dá bhrí sin, tá DKBA freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá DKBA páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1896/oj

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
44.	The Prince Holding Group		Cineál eintitis: Ilchuideachta	Is ilchuideachta ilbhilliún dollar é Prince Holding Group atá lonnaithe sa Chambóid agus a thógann lárionaid sceamála sa Chambóid agus i Maenmar/Burma trí chuideachtaí caocha éagsúla. Tá Prince Holding Group páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine i Maenmar/Burma mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Thóg agus d'oibrigh Prince Holding Group deich lárionad sceamála ar a laghad ar fud na Cambóide a dhéanann camscéimeanna infheistíochta criptea-airgeadra agus scéimeanna calaoiseacha eile. Áirítear leis na lárionaid sceamála sin Jinbei sa Chambóid, Golden Fortune Science Case and Technology Park (ar a dtugtar freisin lárionad Jinyun); agus Mango Park (ar a dtugtar freisin Jinhong Park). Sna lárionaid sceamála sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach ó thíortha éagsúla nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Ina theannta sin, tuairiscíonn íospartaigh atá ag obair sna lárionaid sceamála go dtarlaíonn mí-úsáid, striapachas éigeantais, sracadh, céasadh, fuadach, agus coinneáil neamhdhleathach sna lárionaid sin. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde ar íospartaigh a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Tuairiscítear go mbíonn comhlaigh Prince Holding Group páirteach i bhforéigean in aghaidh íospartaigh na gáinneála ar dhaoine atá sáinnithe sa lárionad, agus go gceadaíonn stiúrthóir Prince Holding Group Chen Zhi an méid sin. Cé go ndearnadh dian-chniogbheartaíocht ar an ngrúpa, níor díchóimeáladh an grúpa go hiomlán go fóill, séanann sé na líomhaintí agus tá sé tiomanta é féin a chosaint i ngach dlínse. Dá bhrí sin, tá Prince Holding Group freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach. Tá Prince Holding Group páirteach freisin sna sáruithe tromchúiseacha sin i réimse chearta an duine, lena n-áirítear trí na gníomhartha sin a éascú.	30.7.2026

	Ainmneacha (Traslitriú go haibítir na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
45.	Jin Bei Group		Seoladh: St. 2 thnou, Phum 04, Sangkat 04, Krong Preah Sihanouk, Preah Sihanouk Province, Sihanoukville, Preah Sihanouk, an Chambóid Cineál eintitis: Cuideachta siamsaíochta Príomháit ghnó: Phnom Penh, an Chamdóid, Sihanoukville, an Chambóid Suíomh gréasáin: www.jinbei-group.com	Is ilchuideachta é Jin Bei Group a thógann casaíní agus lárionaid sceamála sa Chambóid. Tá Jin Bei Group páirteach i sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine sa Chambóid mar gheall ar an ról atá aige mór-ionaid sceamála a éascú. Tá líonra casaíní agus cuideachtaí gaolmhara ag líonra Jin Bei Group in Sihanoukville sa Chambóid, lena n-áirítear Jin Bei 4, ar lárionad sceamála é a dhéanann camscéimeanna infheistíochta criptea-airgeadra agus scéimeanna calaoiseacha eile. Sna lárionaid sin, déantar gáinneáil ar go leor íospartach ó thíortha éagsúla nó mealltar iad faoi dhúmas bréige, coinnítear iad in aghaidh a dtola, agus cuirtear iallach orthu camscéimeanna ar líne a dhéanamh a dhíríonn ar íospartaigh ar fud an domhain. Ina theannta sin, tuairiscíonn íospartaigh atá ag obair sna lárionaid sceamála go dtarlaíonn mí-úsáid, céasadh, fuadach, agus coinneáil neamhdhleathach sna lárionaid sin. Déantar foréigean, imeaglú agus cineálacha eile drochíde ar íospartaigh a dhéanann iarracht éalú nó a dhiúltaíonn comhoibriú. Ina theannta sin, tá baint ag Jin Bei Group agus a eintitis chomhlachaithe le Prince Holding Group, ar ilchuideachta ilbhilliún dollar é atá lonnaithe sa Chambóid agus a thógann lárionaid sceamála sa Chambóid agus i Maenmar/Burma trí chuideachtaí caocha éagsúla. Dá bhrí sin, tá Jin Bei Group freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna agus táireach.	30.7.2026’.

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1896/oj